A Lámhleabhar do Mhúinteoirí

# Conairí

An Imirce agus Cearta Imirceach a Fhiosrú sa Seomra Ranga Bunscoile

MIC Mary Immaculate College Coláiste Mhuire Gan Smál
CDU Curriculum Development Unit Aonad Forbartha Curaclaim Mary Immaculate College
DICE Development & InterCultural Education
Doras Luimní Promoting and protecting human rights



© Aonad Forbartha Curaclaim, DICE agus Doras Luimní (2017)

| CLÁR ÁBHAIR |

A Lámhleabhar do Mhúinteoirí

# Conairí

## An Imirce agus Cearta Imirceach a Fhiosrú sa Seomra Ranga Bunscoile


**Scríofa ag**

Brighid Golden, An Tionscadal DICE,
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
agus
Aideen Roche, Doras Luimní, Luimneach.

# Ábhar

Buíochas ii

Sainmhínithe iii

Conas an acmhainn seo a úsáid iv

Leideanna agus smaointe chun áit lánpháirtíochta agus fáilte a dhéanamh de do scoil v

Achaimis cé a Chónaíonn in Éirinn vi

Staitisticí maidir le Soláthar Díreach in Éirinn vii

**AN CHÉAD TÉAMA: Conairí** 1

**AN DARA TÉAMA: Cultúr** 9

**AN TRÍÚ TÉAMA: Steiréitíopaí** 17

**AN CEATHRÚ TÉAMA: Cosaint** 25

# Buíochas

Buíochas speisialta leis na daoine seo a leanas: Siobhan Sleeman, Rosalind Duke, Aoife Titley, Rowan Oberman, Deirdre McGillicuddy, Kevin O'Connor, Leonie Griffin, Ursula Doherty agus Eucharia McCarthy.

Rinneadh píolótú ar an acmhainn seo i mBunscoil Ag Foghlaim Le Chéile an Rois agus Lusca (RaLET). Gabhaimid buíochas le Príomhoide agus le Cathaoirleach RaLET as an treoirthionscadal a éascú. Táimid an-bhuíoch go háirithe do na múinteoirí Claire Glavey (Múinteoir Rang 2) agus Fiona O'Brien (Múinteoir Rang 5) a thriail cuid de na gníomhaíochtaí lena ranganna agus a thug aiseolas luachmhar dúinn a chabhraigh linn an acmhainn seo a mhúnlú agus í a dhéanamh níos so-úsáide do mhúinteoirí.

Grianghraif: Claire Glavey agus daltaí Rang 2 i mBunscoil Ag Foghlaim Le Chéile an Rois agus Lusca.

Is foilseachán comhpháirtíochta é an acmhainn seo idir an tAonad Forbartha Curaclaim i gColáiste Mhuire gan Smál, an Tionscadal DICE agus Doras Luimní.

### An tAonad Forbartha Curaclaim i gColáiste Mhuire gan Smál

Is ionad barr feabhais é an tAonad Forbartha Curaclaim (AFC) de Choláiste Mhuire gan Smál ó thaobh dearadh curaclaim agus nuálaíochta de. Cuireann sé ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama chun cinn trí thaighde a dhéanamh ar an gcuraclam agus ar an modheolaíocht. Cuireann an taighde seo eolas ar fáil d'fhorbairt foilseachán agus ábhar acmhainne atá leabaithe sa smaointeoireacht agus sna smaointe is déanaí faoin oideachas.

### An Tionscadal DICE

Is comhpháirtíocht náisiúnta oideachais é an Tionscadal DICE (DICE), atá á maoiniú ag Cúnamh Éireann, a chuireann comhtháthú an oideachais forbartha agus an oideachais idirchultúrtha san Oideachas Tosaigh Múinteoirí chun cinn agus a thacaíonn leo ar an mbunleibhéal in Éirinn. Ceithre institiúid ardoideachais a chuireann DICE chun feidhme, is iad sin: Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Roinn Bunoideachais agus Luath-Óige Froebel, Ollscoil Mhá Nuad, Cill Dara; Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath; agus Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

### Doras Luimní

Is eagraíocht um chearta an duine agus tacaíocht imirceach é Doras atá lonnaithe i Luimneach agus a bunaíodh sa bhliain 2000. Ó shin i leith, tá Doras ag cur comhairle agus eolas ar fáil do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus d'imircigh i réigiún an Iarthair Láir. Bíonn Doras páirteach freisin in oiliúint idirchultúrtha, pleanáil imeasctha agus feachtais abhcóideachta chomhoibríocha ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta.

# Sainmhínithe

Is téarma leathan é **imirceach** a úsáidtear chun cur síos ar dhuine atá tar éis bogadh ó áit amháin go háit eile. Clúdaíonn an téarma 'imirceach' dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, imircigh gan doiciméid agus oibrithe imirceacha.

Is é is **dídeanaí** ann duine ar cuireadh iallach air a thír féin a fhágáil toisc go raibh a shaol i mbaol agus sábháilteacht a lorg i dtír eile. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar fhoréigean, coinbhleacht, idirdhealú (reiligiúnach, ciníoch, sóisialta nó polaitiúil) nó tubaistí nádúrtha. Leagtar amach na forais le cosaint dídeanaithe sa Choinbhinsiún maidir le Dídeanaithe 1951, ar a dtugtar Coinbhinsiún na Ginéive freisin *(Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, 1949).*

Is éard is **iarrthóir tearmainn** ann duine atá ag iarraidh ar rialtas tíre eile aitheantas oifigiúil a thabhairt dóibh mar dhídeanaí agus cead a thabhairt dóibh fanacht sa tír sin. Tá an ceart chun **tearmann** a lorg leagtha amach i *nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine* (na Náisiúin Aontaithe, 1948). Tá sé ar cheann de na hoibleagáidí is tábhachtaí a leagtar amach sa dlí idirnáisiúnta. In Éirinn, bíonn cónaí ar iarrthóirí tearmainn i gcóiríocht ghrúpa ar a dtugtar Ionaid Soláthair Dhírigh agus ní cheadaítear dóibh dul ag obair fad is atá siad ag fanacht ar chinneadh maidir le cáiliú mar dhídeanaí.

Is é atá i gceist le **duine easáitithe ina thír féin** (IDP) duine a bhfuil air a theach a fhágáil toisc go bhfuil a shaol i mbaol agus atá ag lorg sábháilteachta agus cosanta in áit eile ina thír féin. Ní bhíonn teorainn idirnáisiúnta trasnaithe ag IDP. Mar shampla, tá ocht milliún IDP sa tSiria.

San acmhainn seo, tagraíonn an téarma **nuatheachtaí** do dhuine nua i scoil, i bpobal nó i dtír. D'fhéadfadh an duine sin náisiúntacht Éireannach nó náisiúntacht eile a bheith aige. Ní thagraíonn an téarma sin d'eitneacht, cultúr, reiligiún nó scileanna teanga duine.

Is éard is **Soláthar Díreach** ann an córas chun freastal ar iarrthóirí tearmainn in Éirinn. Bíonn cónaí ar dhaoine i gcóiríocht roinnte in ionaid ar fud na hÉireann, áit a dtugtar leaba agus trí bhéile in aghaidh an lae dóibh. Agus iad ina gcónaí faoi Sholáthar Díreach, tugtar liúntas beag in aghaidh na seachtaine d'iarrthóirí tearmainn agus ní cheadaítear dóibh dul ag obair.

Is éard is **Steiréitíopa** ann ginearálú róshimplithe ar ghrúpa daoine gan aird a thabhairt ar dhifríochtaí aonair.

Is é atá i gceist le **réamhchlaonadh** ná réamhbhreithiúnas a dhéanamh, is é sin cinneadh a dhéanamh maidir le duine nó grúpa daoine gan go leor eolais a bheith agat. Is ar steiréitíopaí a bhíonn an smaointeoireacht réamhchlaonta bunaithe. Déanann réamhchlaonadh difear dár ndearcthaí.

Tagraíonn na téarmaí **idirdhealú** agus **ciníochas** d'iompar agus do ghníomhaíochtaí éadulaingthe a d'fhéadfadh eascairt as smaointeoireacht réamhchlaonta. Is é an t-idirdhealú ná ceartas agus cóir chothrom a shéanadh in go leor réimsí, lena n-áirítear fostaíocht, tithíocht agus cearta polaitiúla. Is é atá i gceist le ciníochas idirdhealú nó réamhchlaonadh atá bunaithe ar eitneacht, cultúr nó reiligiún.

Is iad **ráflaí** ná ráitis faoi dhaoine aonair, grúpaí nó imeachtaí a scaiptear ó dhuine go duine. Ní ó fhianaise dhíreach a thagann creidiúnacht ráflaí – is é is cúis leis go gcreideann cuid mhór daoine iad. D'fhéadfadh ráflaí a bheith bunaithe ar steiréitíopaí agus is minic i bhfoirm scéil iad.

# Conas an acmhainn seo a úsáid

Is acmhainn uilescoile é Conairí a phléann leis an imirce, cearta agus lánpháirtiú.

Tá sé roinnte i gceithre théama ar leith: **Steiréitíopaí; Cultúr; Conairí;** agus **Cosaint.** Tá na téamaí ceaptha lena gclúdach ceann i ndiaidh an chinn eile, chun deis a thabhairt do pháistí cur leis an méid a d'fhoghlaim siad sa téama roimhe sin. Tar éis do gach téama a bheith clúdaithe ar fud na scoile, moltar do ranganna teacht le chéile chun an méid atá foghlamtha acu a roinnt le linn tionóil scoile nó trí thaispeántais scoile.

Tá roinn réamhráiteach i ngach téama. Ina dhiaidh sin tá gníomhaíochtaí ar féidir iad a chlúdach laistigh de gach téama. Chun freastal ar riachtanais páistí de gach aois agus ar gach leibhéal cumais, éiríonn na gníomhaíochtaí níos casta agus níos doimhne de réir mar a théann an téama chun cinn. Tá leibhéal ranga molta luaite le gach gníomhaíocht ach níl sé cinntitheach agus moltar duit breithiúnais a dhéanamh faoi chumas agus leibhéil spéise do ranga agus cé acu ar cheart ceachtanna a chur in oiriúint do riachtanais aonair. Tosaíonn gach téama le gníomhaíocht naisc baile-scoile is féidir a úsáid mar réamhrá do gach leibhéal ranga.

Beidh leathanach gréasáin tiomnaithe ag an acmhainn seo ar shuíomh gréasáin an Aonaid Forbartha Curaclaim: http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html áit is féidir bileoga gníomhaíochta, , samplaí de chineálacha cur chuige agus naisc bhreise chuig eolas breise a fháil. Déanfar na naisc ar an leathanach gréasáin seo a nuashonrú go leanúnach chun an dóigh a athraíonn an imirce go gasta a léiriú.

**Naisc Churaclaim** – Is féidir cuid mhaith de na gníomhaíochtaí a nascadh le réimsí curaclaim éagsúla, ag brath ar an mbéim a chuireann tú orthu le linn an cheachta. Tá snáitheanna ábhair, snáithaonaid agus, nuair is cuí, eilimintí agus torthaí foghlama ón gcuraclam teanga nua molta i gcás gach ceachta. Tá béim láidir ar OSPS, Béarla agus Oideachas Ealaíne síos tríd an acmhainn.

## Lean na coiscéimeanna sa leabhar chun do thuras foghlama féin faoin imirce a chruthú.

# Leideanna agus smaointe chun áit lánpháirtíochta agus fáilte a dhéanamh de do scoil

**Ceistigh do spás!**

- Déan athbhreithniú ar do bheartais uilescoile agus ar shuíomh gréasáin na scoile lena chinntiú go bhfuil siad fáilteach agus cuimsitheach maidir le gach duine.
- Má bhíonn imeacht á reáchtáil agat, déan cinnte go mbreathnaíonn tú ar an acmhainn DICE dar teideal 'Intercultural Events in Schools and Colleges' chun tacaíocht a fháil. Tiocfaidh tú ar an acmhainn sin ag http://www.diceproject.ie/links/intercultural-education/
- Féach ar na teangacha agus ar na híomhánna atá ar taispeáint sa seomra ranga agus ar bhallaí na scoile, ar na póstaeir, ar na grianghraif, ar na leabhair agus ar na hacmhainní a úsáideann tú. An léiríonn siad éagsúlacht teangacha, eitneachtaí, cultúir agus reiligiúin ionas go mothóidh gach páiste go bhfuil fáilte rompu agus go dtuigfidh siad gur gnáthchuid den saol í an éagsúlacht. Iarr ar na páistí cabhrú leis sin!
- Féach ar na soláthairtí ealaíne agus na spásanna súgartha. An bhfuil bréagáin, bábóga agus bréigéide ina measc a léiríonn cúlraí éagsúla? An féidir le gach páiste pictiúr de féin a tharraingt agus a phéinteáil le dath beacht a chraicinn?
- Agus tú ag scrúdú na híomhánna a úsáideann tú i do scoil, déan cinnte de go léiríonn siad meas i gcónaí ar dhínit na ndaoine a ndéanann siad ionadaíocht orthu. Féach na treoirlínte seo le haghaidh leideanna: https://comhlamh.org/wp-content/uploads/2013/09/Images-of-the-Global-South.pdf
- Inis do na páistí nach bhfuil aon bhrú orthu labhairt faoina n-eispéiris nó faoina dtuairimí go dtí go bhfuil siad réidh leis sin a dhéanamh. Cuir spás ciúin ar fáil do pháistí atá trína chéile. Is ceart spás a bheith ag gach páiste chun machnamh a dhéanamh agus ina mothaíonn siad sábháilte má mhothaíonn siad brónach, eaglach nó éiginnte.
- Úsáid eolas fíorasach i gcónaí agus tú ag labhairt faoi thíortha eile agus faoin imirce. Chun eolas cothrom le dáta a fháil, féach na naisc atá ar ár leathanach gréasáin http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html.

# ACHAIMIS CÉ A CHÓNAÍONN IN ÉIRINN

FOINSE: AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH, TORTHAÍ DHAONÁIRIMH 2011 (NA STAITISTICÍ IS COTHROIME LE DÁTA ATÁ AR FÁIL AGUS SEO Á SCRÍOBH)

**An daonra iomlán (CSO 2011): 4,525,281**

**Éireannaigh: 3,927,143**

**Náisiúntacht Neamh-Éireannach: 544,357**



| | Líon Daoine |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 112,259 |
| AE 27 (seachas Éire/an RA) | 274,505 |
| Ón gcuid eile den Eoraip | 16,307 |
| Ón Afraic: | 41,642 |
| Ón Áise | 65,579 |
| Ó Mheiriceá: | 24,884 |
| Náisiúntachtaí Eile | 9,181 |
| Ní luaitear/ Gan náisiúntacht | 53,781 |

## Cad iad roinnt de na reiligiúin atá in Éirinn?

| | No. of people |
|---|---|
| Caitliceach | 3,861,335 |
| Eaglais na hÉireann | 129,039 |
| Protastúnach | 5,326 |
| Ceartchreidmheach | 45,223 |
| Moslamach | 49,204 |
| Hiondúch | 10,688 |
| Búdaí | 8,703 |
| Finné Iehova | 6,149 |
| Aindiachaí | 3,905 |
| Giúdach | 1,984 |
| Baha'I | 520 |

## Cad iad na teangacha seachas Gaeilge agus Béarla a labhraítear i dteaghlaigh na hÉireann?

- **Polainnis 119,5261**
- **Fraincis 56,430**
- **Liotuáinis 31,635**
- **Gearmáinis 27,342**
- **Spáinnis 22,446**
- **Rúisis 21,640**
- **Rómáinis 20,625**
- **Iodáilis 10,344**
- **Sínis 15,166**
- **Araibis 11,834**
- **Eile 117,080**

Níos mó ná 25% de dhaoine a labhraíonn teangacha nach Béarla ná Gaeilge iad sa bhaile, rugadh in Éirinn iad.

# STAITISTICÍ MAIDIR LE SOLÁTHAR DÍREACH IN ÉIRINN

AMHAIL EANÁIR 2017, FOINSE: TUARASCÁIL MHÍOSÚIL RIA EANÁIR 2017


**Daonra iomlán na hÉireann (CSO 2016) – 4,757,976**

## LÍON IOMLÁN NA nIARRTHÓIRÍ TEARMAINN INA GCÓNAÍ I SOLÁTHAR DÍREACH (SD)


# 4,427

| | |
|---|---|
| An líon iomlán in SD Aois 0-4 bliana | 443 |
| Líon iomlán in SD aois 5-12 (aois na bunscoile) | 529 |
| Líon iomlán in SD aois 13-17 (aois na meánscoile) | 167 |
| Líon iomlán na bpáistí (faoi bhun 18 mbliana) in SD | 1,139 |

## Cad iad na contaetha ina bhfuil iarrthóirí tearmainn ina gcónaí in ionaid Soláthair Dhírigh?




## Cad iad na mórchríocha as a dtagann na hiarrthóirí tearmainn atá ina gcónaí in Éirinn?




Chun tú féin a choinneáil ar an eolas maidir le staitisticí na n-ionad Soláthair Dhírigh, coinnigh súil ar na tuarascálacha míosúla a eisítear ar www.ria.gov.ie.

Gníomhaíocht: Cruthaigh do ghrafaicí faisnéise féin faoin éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach nó teanga i do scoil nó i do phobal trí úsáid a bhaint as www.piktochart.com.

# AN CHÉAD TÉAMA

# Conairí

**Roghnaíodh conairí mar théama chun ionadaíocht a dhéanamh ar na turais a dhéanann imircigh go hÉirinn agus ar an gconaire foghlama a bhfuilimid go léir ina bhun agus muid ag iarraidh lánpháirtiú agus cearta an duine a chur chun cinn inár seomraí ranga agus inár sochaí. Agus an téama seo á chíoradh, iarrfar ar na páistí smaoineamh ar thurais a dhéanann siad agus na cineálacha éagsúla turas a dhéanann daoine chun Éire a bhaint amach a shamhlú.**

# Conairí

**Sa téama seo tá sé ghníomhaíocht don seomra ranga a dhíríonn ar ionbhá a fhorbairt le himircigh a bhfuil cuid mhór turas éagsúla déanta acu go tíortha nua.**

1. **Ceap do thuras féin**
2. **Cuir tú féin in áit duine eile**
3. **Turais a mhapáil**
4. **Smaointeoireacht chriticiúil faoin nGorta Mór**
5. **Tá Crogaill san Fharraige**
6. **Coiscéimeanna**

**GNÍOMHAÍOCHT NAISC BAILE-SCOILE:**

Mar obair bhaile, tabhair léarscáil dhomhanda bhán do na páistí (féach an suíomh gréasáin http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html le haghaidh cóip inphriontáilte), agus iarr orthu na turais a rinne na daoine éagsúla ina dtithe a tharraingt. D'fhéadfaí dathanna éagsúla a úsáid chun turas gach duine a léiriú. Is féidir ansin na léarscáileanna sin a úsáid le haghaidh *Taispeáin is Inis nó Am Ciorcail* sa seomra ranga chun tús a chur leis an bplé agus na gníomhaíochtaí maidir le turais..

## GNÍOMHAÍOCHT 1 – Ceap do thuras féin

Mar chuid den ghníomhaíocht seo, fiosróidh na páistí turais a bhfuil siad eolach orthu agus samhlóidh siad cinn eile. Seo a leanas liosta de cheisteanna spreagúla faoi thurais is féidir a úsáid chun na páistí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar na haistir sin:

- Cé na turais a dhéanann tú gach lá/seachtain/bliain?
- Conas a thaistealaíonn tú?
- Cad a thugann tú leat?
- Dá mbeadh agat do bhaile a fhágáil le dul go háit nua, cad iad na 6 ní is tábhachtaí a thabharfá leat?
- Cé a rachadh leat?
- Dá mbeifeá ag fágáil Éirinn le dul chun cónaí i dtír eile, cén tír ar mhaith leat dul ann?

Féadfaidh na páistí freagra a thabhairt trí Dhrámaíocht, Amharc-Ealaín, Teanga ó Bhéal nó Corpoideachas.

Mar shampla, sa rang Corpoideachais d'fhéadfadh na páistí a gcúrsaí bacainní féin a chruthú chun na turais atá déanta acu a léiriú nó na turais a dhéanfadh siad dá mbeadh acu taistil go háit nua.

**CURACLAM** ***Leibhéal Ranga: Naíonáin Shóisearacha – Rang 2***

***Ábhar:*** *Béarla: Snáithe: Teanga ó bhéal, Gné: Teanga a fhiosrú agus a úsáid, Torthaí Foghlama: Iarratais agus ceisteanna; Athinsint agus mionléiriú (téacs i gcruth scéil agus freagairt); Eolas, míniú agus údar a thabhairt (téacs léiritheach).*

***Ábhar:*** *Tíreolaíocht; Scileanna agus coincheapa tíreolaíochta: Tuiscint d'áit agus do spás; Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*

## GNÍOMHAÍOCHT 2 – Cuir tú féin in áit duine eile

*Buíochas le Kevin O'Connor, MIC.*

*Ábhair: bileog mhór pháipéir le haghaidh gach páiste, marcóirí, spás mór oscailte. Ina theannta sin, ní mór do na páistí seanphéire bróga in aghaidh an duine a thabhairt isteach.*

1 Iarr ar na páistí seanphéire bróg a thabhairt isteach ón mbaile. Is ceart nach a mbróga féin a bheidh iontu.

2 I spás mór oscailte, cuir gach péire bróg ar bhileog mhór pháipéir.

3 Abair leis na páistí bogadh thart timpeall an tseomra le breathnú ar na bróga agus ceisteanna a scríobh ar na bileoga páipéir ag lorg eolais faoi úinéirí gach péire.

4 Tabhair péire de na bróga do gach páiste, mar aon leis an mbileog pháipéir a ghabhann leis. Iarr ar na páistí carachtar a chumadh a d'fhéadfadh a bheith ina úinéir ar an bpéire bróg sin.

> Tabhair faoi deara: Spreagfar an próiseas seo leis na ceisteanna a bheidh curtha ag na páistí eile, ach féadfaidh na páistí gnéithe bhreise a chur lena gcarachtar más mian leo.

5 Iarr ar na páistí cinntí a dhéanamh faoin mbealach a sheasfadh, a bhogfadh agus a shiúlfadh a gcarachtar. Ag obair i bpéirí, iarr ar na páistí monalóga gearra nó drámaí geáitsíochta a chumadh.

6 Tabhair deis do na páistí a gcarachtar a chur i láthair don chuid eile den rang.

7 Tar éis dóibh na carachtair a chur i láthair, is ceart don mhúinteoir plé i ngrúpa a éascú ag úsáid na treoircheisteanna thíos.

**Treoircheisteanna:**

- Cé mhéad dalta nua a tháinig isteach i do rang i mbliana?
- Cé mhéad agaibh a chuaigh chuig scoil nua?
- Cé mhéad cás a ritheann leat ina bhféadfadh duine mothú mar 'dhuine nua'?
- An dóigh leat gur rud spreagúil nó scanrúil é a bheith i do dhuine nua? Nó spreagúil agus scanrúil?
- Cé mhéad duine sa rang atá tar éis a bheith thar lear?
- An labhraíonn aon duine sa rang teanga nach Béarla ná Gaeilge í?
- Ar bhlais tú riamh bia as tíortha eile?
- Cé na traidisiúin chultúrtha a chleachtann tusa nó do theaghlach?

**CURACLAM** — ***Leibhéal Ranga: Rang 1 – Rang 4***

***Ábhar*** *Snáithe na Drámaíochta: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú Snáithaonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta; léirsmaoineamh ar dhrámaíocht*

## GNÍOMHAÍOCHT 3 – Turais a mhapáil

1 Iarr ar na páistí úsáid a bhaint as a n-atlais, a léarscáileanna nó a gcruinneoga sa seomra ranga chun na turais seo a leanas a mhapáil: Bealach an Titanic, ón tSiria go hÉirinn, Éire go Ceanada/ an Astráil/ Meiriceá.


2 Iarr ar na páistí turais cháiliúla eile ón stair a ainmniú, cinn a raibh tionchar acu ar an domhan.

**Treoircheisteanna:**

- Cé na modhanna iompair a bheadh de dhíth le haghaidh gach turais?
- Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le gach modh iompair?
- Cén turas an ceann is éasca/is deacra? Cén fáth?
- Cén turas ar mhaith leat a dhéanamh?
- Cad a bheadh le feiceáil/le cloisteáil/le bolú agat ar gach turas, dar leat?
- Cé a chasfaí leat ar gach turas, dar leat, agus cad a phléifeá leo?

**CURACLAM** ***Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang***

***Ábhar:*** *Tíreolaíocht Snáithe: Imshaoil Dhaonna Snáithaonad: Iompar agus cumarsáid Scileanna agus Coincheapa Tíreolaíochta: Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta; léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha*



## GNÍOMHAÍOCHT 4 – Smaointeoireacht chriticiúil faoin nGorta Mór

Le linn na gníomhaíochta seo beidh na páistí ag breathnú ar na cosúlachtaí idir an imirce as Éirinn le linn an Ghorta Mhóir agus an líon inimirceach atá ag teacht isteach go hÉirinn sa lá atá inniu ann.

Spreag na páistí chun samhlaíochta faoin méid a bheadh le rá ag duine a raibh air dul ar imirce as Éirinn go Meiriceá le linn an Ghorta Mhóir le muintir na hÉireann sa lá atá inniu ann faoi líonta na ndídeanaithe agus na n-imirceach atá ag teacht go hÉirinn as tíortha eile.

Tabhair faoi deara: D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí litir a scríobh, mar chleachtadh ealaíne cruthaithí, trí dhrámaíocht nó trí theanga ó bhéal.

**Treoircheisteanna:**

- Cé na cosúlachtaí atá idir scéal mhuintir na hÉireann a chuaigh ar imirce go Meiriceá nó go Sasana le linn an Ghorta agus na daoine atá ag teacht go hÉirinn anois ón Afraic, ón Meánoirthear agus ó áiteanna eile? Cé na héagsúlachtaí atá eatarthu?
- Conas a bhraith muintir na hÉireann nuair a caitheadh go dona leo nuair a chuaigh siad chun cónaithe i dtíortha nua, dar leat? (Ag an bpointe seo, ba chóir duit aird na bpáistí a tharraingt ar an claonadh i gcoinne mhuintir na hÉireann a d'fhulaing a lán Éireannach a chuaigh ar imirce ó Éirinn go Meiriceá nó go Sasana le linn agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir, e.g. comharthaí ar a raibh 'no dogs, no blacks, no Irish' etc.)
- Conas a bhraithfeá dá ndéanfaí idirdhealú ort?
- An gceapann tú go mbíonn ar dhaoine a bhog go hÉirinn ó thíortha eile aon chiníochas nó idirdhealú a láimhseáil sa lá atá inniu ann?
- Cén chomhairle a chuirfeá ar dhuine éigin atá ciníoch nó ag caitheamh go gránna le daoine a bhog go hÉirinn ó thíortha eile?

**CURACLAM** *Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang*

***Ábhar:*** *Stair*
***Snáithe:*** *Tréimhsí Athraithe agus Coimhlinte*
***Snáithaonad:*** *An Gorta Mór*

## GNÍOMHAÍOCHT 5 – Tá Crogaill san Fharraige

Úsáid an t-úrscéal 'In the Sea there are Crocodiles' le Fabio Geda sa rang.

Sa leabhar, pléitear fíorscéal an turais 5 bliana a rinne Enaiat, buachaill 10 mbliana d'aois, mar dhídeanaí tríd an Iaráin, an Tuirc, an Phacastáin agus an Ghréig roimh tearmann pholaitiúil a iarraidh san Iodáil. Tríd an úrscéal sin a léamh agus a fhiosrú, beidh páistí i do rang in ann foghlaim faoin imirce trí shúile duine atá den aois chéanna leo agus na turais a shamhlú a bhíonn le déanamh ag daoine chun tír nua a bhaint amach.

Tá treoircheisteanna i ndáil leis an leabhar seo ar fáil ar shuíomh gréasáin CDU ag: http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html

**CURACLAM** ***Leibhéal Ranga: Rang 5 agus Rang 6***

***Ábhar:*** *Béarla*
***Snáithe:*** *Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí úsáid teanga*
***Snáithaonad:*** *Léitheoireacht*

## GNÍOMHAÍOCHT 6 – Coiscéimeanna

1 Ábhair: spás mór oscailte, amhail halla, clós nó seomra ranga ina bhfuil na boird bogtha ar leataobh; liosta ceisteanna priontáilte don múinteoir lena léamh os ard.

2 Cuir na páistí ina bpéirí agus tabhair próifíl ó leathanach 6 do gach duine daoibh, (beidh an próifíl chéanna ag roinnt de na péirí, ach níor cheart dóibh an t-eolas sin a roinnt go dtí deireadh na gníomhaíochta).

3 Cuir tús leis an ngníomhaíocht trí iarraidh ar na páistí go léir seasamh i ró ag taobh amháin den spás agus déan cinnte go bhfuil go leor spáis acu chun 10 gcéim a thógáil chun tosaigh.

4 Léigh an méid seo a leanas amach do na páistí: *Faigheann tú amach go tobann gur gá duit Éire a fhágáil agus baile nua a aimsiú i dtír eile. Léifidh mé liosta de chuid de na cinntí a bheidh le déanamh agat. Má mheasann tú go ndéanfadh an duine i do phróifíl an cinneadh sin, tóg céim chun tosaigh. Má mheasann tú nach ndéanfadh, ná bog. Mura bhfuil tú cinnte, tabhair buille faoi thuairim tar éis duit é a phlé le do chomh-pháirtí. An féidir leat smaoineamh ar aon chinntí eile a bheadh le déanamh agat?*

> Tabhair faoi deara: Tá freagraí cearta agus míchearta ar chuid de na ceisteanna ag brath ar an bpróifíl, agus braitheann cuid de na freagraí eile ar thuairimí. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid mar chéim i dtreo taighde a dhéanamh ar an imirce agus ar an bpróiseas tearmainn in Éirinn.

**Ceisteanna:**

- Beidh do phas de dhíth ort chun an tír a fhágáil, an bhfuil pas agat? (Mar iarrthóir tearmainn, baineann an Roinn Dlí agus Cirt do phas díot fad is atá cinneadh á dhéanamh faoi do stádas)
- Ní mór duit eitiltí a cheannach duit féin agus do do theaghlach; ar cheannaigh tú eitiltí riamh roimhe, an mbeadh a fhios agat conas é a dhéanamh?
- Brrr, tá sé fuar agus caithfidh tú éadaí te a cheannach le haghaidh do thurais, an mbeifeá in ann íoc astu?
- Agus tú ag déanamh cinneadh faoin áit le dul ann, ní mór duit áit a phiocadh atá sábháilte, agus ina mbeidh cairde nó gaolta agat, más féidir; an dóigh leat go mbeadh áit ar eolas agat a bhféadfá dul ann?
- Téann tú go Meiriceá agus bíonn ort cónaí in ionad cosúil leis na ionaid soláthair dhírigh in Éirinn. Cuireann an t-ionad seo bia ar fáil, an dóigh leat go mbeidh sé cosúil leis an mbia a d'ith tú sa bhaile agus tú óg?
- Nuair a chasann tú le daoine a oibríonn i réimse na himirce, an dóigh leat go labhróidh aon duine do theanga, an ceann a labhair tú le do theaghlach agus tú óg?
- Tá do sheanmháthair tinn, ní féidir léi taisteal agus caithfidh sí fanacht in Éirinn. An mbeidh tú in ann fanacht i dteagmháil léi agus tú ag taisteal, agus nuair a bhaineann tú do thír nua amach? (Spreag na páistí chun smaoineamh ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide agus na nithe a d'fhéadfadh bac a chur ar chumarsáid, easpa WiFi nó leictreachais, cuir i gcás, nó táillí fánaíochta, rochtain na seanmháthar ar theicneolaíocht etc.)
- Le haghaidh do thurais ní mór duit go leor bia a thabhairt leat a mairfidh seachtain ar eagla nach mbeidh tú in ann aon bhia a fháil lena linn; an bhfuil go leor bia sa teach agat le tabhairt leat?

Ceist phlé: Cé na cinntí eile a bheadh le déanamh agat dá mbeadh agat bogadh go tír nua?

**CURACLAM** ***Leibhéal Ranga: Rang 5 agus Rang 6***

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus daoine eile*
***Snáithaonad:*** *Mo chairde agus daoine eile*

# AN DARA TÉAMA

# Cultúr

Is é atá i gceist le Cultúr na smaointe, nósanna agus iompar sóisialta a bhaineann le grúpa daoine ar leith.

Ilchultúrtha – sochaí nó pobal atá déanta suas de roinnt grúpaí cultúrtha nó eitneacha atá ina gcónaí nó ag obair in aice a chéile. Ní ionann pobail ilchultúrtha agus imeascadh.

Idirchultúrachas – cur chuige lena gcuirtear dialóg agus idirghníomhú chun cinn idir chultúir agus a cheistíonn leithlisiú grúpaí cultúrtha.

Fochultúir – grúpa cultúrtha atá mar chuid de chultúr níos mó, ag a mbíonn creidimh nó spéis, go minic, atá éagsúil ó chreidimh nó spéis an ghrúpa níos mó. I measc mórchuid na ngrúpaí cultúrtha bíonn fochultúir a d'fhéadfadh an chuma a bheith orthu go mbaineann siad leis an ngrúpa níos mó ach a bhfuil creidimh nó leasanna difriúla acu.

Sa téama seo fiosraítear gnéithe éagsúla na gcultúr lena mbaineann daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Déanfaidh na páistí comparáid idir an méid atá ar eolas acu faoi chultúr na hÉireann agus cultúir grúpaí eile daoine agus tosóidh siad ag teacht ar an tuiscint go bhfuil cúrsaí cultúir casta.

# Cultúr

**Tá na cúig ghníomhaíocht atá liostaithe thíos ceaptha feasacht a chur chun cinn i measc na bpáistí go bhfuil a lán gnéithe fite fuaite i gcultúir agus nach mbíonn an creideamh nó na nósanna céanna ag gach duine laistigh de ghrúpa cultúrtha.**

1. **Taispeáint na dteaghlach domhanda**
2. **Saothar ealaíne frithchiníochais**
3. **Comhábhair an chultúir**
4. **Tréithe uilíocha, aonair agus cultúrtha**
5. **Sainphlé oscailte**

**GNÍOMHAÍOCHT NAISC BAILE-SCOILE:**

Tabhair mála páipéir do gach páiste agus iarr orthu é a thabhairt abhaile agus é a úsáid chun 3 nó 4 rud a thabhairt isteach a léiríonn a gcultúr. Is féidir iad a úsáid ansin le haghaidh *Taispeáin is Inis nó Am Ciorcail* sa seomra ranga chun tús a chur leis an bplé agus na gníomhaíochtaí maidir le cultúr.

## GNÍOMHAÍOCHT 1 – Taispeáint na dteaghlach domhanda

1 Roghnaigh spás comhroinnte sa scoil chun taispeántas a chruthú – d'fhéadfadh sé gur halla nó leabharlann nó láthair fáiltithe comhroinnte a bheadh ann.

2 Ag baint úsáide as rollaí móra páipéir nó bileoga móra, tarraing imlíne de ghrúpaí teaghlaigh – teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh bheaga agus mhóra, teaghlaigh chomhghnéis, páistí le seantuismitheoirí etc.

3 Pléigh leis na páistí an chiall atá leis an téarma 'teaghlach', ag cur béime ar an bhfíric go bhféadfadh teaghlaigh a bheith éagsúil ó thaobh méide, creideamh reiligiúnach, cultúir, inscne nó dath craicinn de (úsáid an póstaer Different Families Same Love mar spreagadh. Tá an póstaer le fáil ag: http://www.into.ie/lgbt/EducationalResources/ ).

4 Ansin, roinn na páistí ina ngrúpaí agus sann cineál éagsúil teaghlaigh do gach grúpa. Iarr ar na páistí a ngrúpa teaghlaigh ar leith a mhaisiú, ag baint úsáide as péinteanna, dathanna, colláis etc.

5 Cuir an píosa ealaíne nua seo ar crochadh in áit chomhroinnte sa scoil chun cineálacha éagsúla teaghlach a cheiliúradh.

***CURACLAM*** ***Leibhéal Ranga: Naíonáin Shóisearacha – Rang 2***

***Ábhar:*** *Na hAmharcealaíona*
***Snáithe:*** *Péint agus dath*
***Snáithaonad:*** *Péinteáil*
***Ábhar:*** *Tíreolaíocht*
***Snáithe:*** *Imshaoil dhaonna*
***Snáithaonad:*** *Daoine a chónaíonn sa cheantar áitiúil*



## GNÍOMHAÍOCHT 2 – Saothar ealaíne frithchiníochais

1 D'fhonn tuiscint a chur chun cinn, léigh agus pléigh na sainmhínithe ar chiníochas, idirdhealú agus réamhchlaonadh leis na páistí.

2 Mínigh go mbeidh siad ag cruthú manaí agus póstaeir frithchiníochais le cabhrú chun cosc a chur leis an gciníochas sa scoil agus sa phobal.

3 Chun tacú leis na páistí, spreag iad chun na habairtí seo a leanas a chríochnú: 'Cuir stad leis an gciníochas trí..'; 'Ní mór deireadh a chur leis an gciníochas mar...'; 'Cruthaíonn an ciníochas...'; 'Má thugann tú ciníochas faoi deara is ceart duit...' (le haghaidh tuilleadh inspioráide féach www.befair.ie )

4 Abair leis na páistí póstaer a chruthú chun an mana is fearr leo a léiriú le péint, fabraic, snáithín nó colláis.

5 Cuir na póstaeir ar taispeáint in áit phoiblí sa scoil agus roinn leis an bpobal níos leithne iad ar shuíomhanna gréasáin nó ar chláir fógraí poiblí más féidir. D'fhéadfadh do dhaltaí labhairt faoina dtaispeántas ag tionól scoile freisin.

> Tabhair faoi deara: D'fhéadfaí póstaeir a úsáid chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas Cruthaitheachta Frith-Chiníochais Show Racism the Red Card ag www.theredcard.ie

**CURACLAM:** ***Leibhéal Ranga: An Scoil Uile***

***Ábhar:*** *Na hAmharcealaíona*
***Snáithí:*** *Péint agus dath; Fabraic agus snáithín*
***Snáithaonaid:*** *Péinteáil; Cruthú le fabraic agus le snáithín*

## GNÍOMHAÍOCHT 3 – Comhábhair an chultúir

1 Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun iniúchadh a dhéanamh ar shé 'chomhábhar cultúir' éagsúla chun cabhrú leo tuiscint a fháil ar cad is brí le cultúr.

2 Sann ceann de na 'comhábhair' seo a leanas do pháistí i ngrúpaí de 4-5, agus iarr ar na grúpaí smaoineamh ar gach rud is féidir leo a bhaineann leis an gcatagóir seo de chultúr na hÉireann.

   1 Éadaí
   2 Bia
   3 Aireagóirí/Ceoltóirí/Ealaíontóirí
   4 Reiligiúin
   5 Stair/Finscéalta
   6 Teanga agus Custaim/Traidisiúin

Tabhair faoi deara: Ba cheart duit a thabhairt chun suntais go bhféadfadh cuid dá bhfreagraí a bheith steiréitipiciúil, (is féidir leat na sainmhínithe ag tús an leabhair seo a úsáid chun steiréitíopaí a mhíniú) agus nach mbeidh cuid acu fíor i gcás gach duine, mar shampla, tá bagún agus cabáiste mar chuid de bhia na hÉireann, ach itheann muintir na hÉireann curaí Indiach agus spaghetti bolognese na hIodáile freisin.

3 Agus iad go fóill sna grúpaí céanna, agus ag díriú ar an 'gcomhábhar' cultúir céanna, iarr ar na páistí a gcuid taighde féin a dhéanamh chun an méid eolais is féidir leo a chur ar fáil faoi mhuintir na Polainne, na Siria, na hAfganastáine agus na Somáile.

4 Nuair a bheidh an tionscadal sin críochnaithe, iarr ar gach grúpa a gcuid torthaí a chur i láthair don chuid eile den rang. Féadfaidh siad cur i láthair a dhéanamh ó bhéal, ar bhealach físiúil nó trí 'phrócaí céadfach' a chruthú (Cruthaítear prócaí na gcéadfaí le boscaí nó prócaí nach féidir breathnú isteach iontu agus atá líonta leis na hearraí is mian leis na páistí a chur i láthair a gcomhdhaltaí. Ní mór do na daltaí eile mothú, boladh agus éisteacht a úsáid chun na nithe atá sa bhosca nó sa phróca a thomhas.)

**Guiding questions:**

- Cár bhailigh tú do chuid eolais maidir leis an tSiria/an Pholainn/an Afganastáin/an tSomáil? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go bhfuil sé fíor?
- An itheann gach duine in Éirinn an bia céanna / an gcaitheann siad na héadaí céanna / an maith leo na rudaí céanna?
- An dóigh leat gur maith le gach duine sa tSiria/sa Pholainn/san Afganastáin/sa tSomáil na rudaí céanna?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine as an tSiria/an Pholainn/an Afganastáin/an tSomáil a bhféadfá ceist a chur orthu faoi éadaí/bia etc.?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi stair tíre? An bhfuil níos mó eolais agat anois faoi dhaoine ón tír a ndearna tú taighde uirthi?
- An mbíonn finscéalta fíor?
- An gceapann tú go bhfuil aon eolas tábhachtach eile ann faoi aon cheann de na tíortha nach bhfuil clúdaithe sna sé chomhábhar seo?

Tabhair faoi deara: Trí na contrárthachtaí agus na steiréitíopaí a fhiosrú a d'fhéadfadh teacht aníos i ngach catagóir, cabhróidh tú leis na páistí teacht ar an tuiscint nach féidir cur síos ar chultúr faoi shé chomhábhar agus go bhféadfadh eolas a bheith i ngach 'comhábhar' nach bhfuil fíor i gcás gach duine i dtír nó i gcultúr.

***CURACLAM*** ***Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang 6***

***Ábhar:*** *Tíreolaíocht*
***Snáithe:*** *Imshaoil dhaonna*
***Snáithaonad:*** *Daoine agus críocha eile*

## GNÍOMHAÍOCHT 4 – Tréithe uilíocha, aonair agus cultúrtha

Abairt leis na páistí na sainmhínithe a úsáid chun cinneadh a dhéanamh an iompar uilíoch, cultúrtha nó pearsanta iad na hiompraíochtaí a liostaítear thíos. Nuair a bheidh an liosta críochnaithe ag na páistí, iarr orthu a gcuid liostaí iompair féin a cheapadh agus a bhabhtáil le chéile lena gcur i gcrích ar an mbealach céanna.

**Uilíoch** – tagraíonn sé do bhealaí ina bhfuil gach duine i ngach grúpa mar an gcéanna.

**Cultúrtha** – tagraíonn sé don mhéid atá i gcoiteann ag grúpa áirithe daoine agus don chaoi a bhfuil a gcultúr difriúil ó gach grúpa eile.

**Pearsanta** - cur síos ar na bealaí ina bhfuil gach duine againn difriúil ó gach duine eile, iad siúd inár ngrúpa cultúrtha féin ina measc.

Liosta iompraíochtaí:

1. Ag rith ar shiúl ó ainmhí contúirteach
2. Ag meas go bhfuil nathair 'olc'
3. Ag canadh san fholcadán
4. Meas a léiriú ar dhaoine níos sine
5. Ag baint sult as ceol glórach
6. Ag ól uisce
7. Ag úsáid scian, forc agus spúnóg chun bia a ithe
8. Bheith fainiciúil i leith strainséirí
9. Ag mothú aiféala as a bheith i d'údar timpiste
10. Brón faoi bhás do mháthar

***CURACLAM*** ***Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang 6***

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus an domhan mór*
***Snáithaonad:*** *Ag forbairt saoránachta*

## GNÍOMHAÍOCHT 5 – Sainphlé oscailte

1 Mínigh an téarma Soláthar Díreach don rang, ag baint úsáid as an sainmhíniú a thugtar ar leathanach ii.

2 Léigh an méid seo a leanas amach do na páistí: Is spéis leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) – www.ria.gov.ie ) cloisteáil ó dhaoine in Éirinn maidir lena dtuairimí faoin Soláthar Díreach, mar sin tá cruinniú eagraithe acu le seisear daoine.

3 Roinn na páistí ina ngrúpaí de sheisear agus tabhair próifíl chultúrtha amháin do gach grúpa chun ullmhú don phlé. Spreag na páistí chun smaoineamh ar chúlra an duine, an tuairim a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le Soláthar Díreach, na gníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu amach anseo.

4 Iarr ar urlabhraí amháin ó gach grúpa páirt a ghlacadh sa sainphlé oscailte ag barr an tseomra agus an múinteoir ag feidhmiú mar ionadaí RIA.

Tabhair faoi deara: Plé idir ghrúpa beag d'ionadaithe ón rang níos leithne is ea sainphlé oscailte. Go ginearálta, glacann na rannpháirtithe sa sainphlé oscailte ról a bhíonn ullmhaithe ag an ngrúpa níos mó roimhe sin. Le linn an tsainphlé oscailte, is ceart don chuid eile den rang a bheith ag breathnú ar an méid atá ag tarlú, ach ní cheadaítear dóibh ceisteanna a chur ná idirghníomhú go dtí go gcuireann an múinteoir críoch leis an bplé agus go dtosaítear plé leis an rang uile.

**CURACLAM** ***Leibhéal Ranga: Rang 5 agus Rang 6***

***Ábhar:*** *Béarla*
***Snáithe:*** *Teanga a úsáid go hinniúil agus go muiníneach*
***Snáithaonad:*** *Teanga ó bhéal*
*Ábhar: Drámaíocht*
***Snáithe:*** *Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú*
***Snáithaonad:*** *Iniúchadh agus déanamh drámaíochta*

# PRÓIFÍLÍ

1 **Tá Fahim, buachaill 18 mbliana d'aois, ar iarrthóir tearmainn e, tar éis teacht go hÉirinn ón Afganastáin.** Tá cónaí air in ionad Soláthair Dhírigh i mBaile Átha Cliath. Tá seomra leapa á roinnt aige le beirt Iarrthóir Tearmainn eile ar fir iad atá sna 40í. Níl a fhios aige cé chomh fada agus a bheidh sé ina chónaí i Soláthar Díreach nó an aistreofar é go háit eile in Éirinn go luath. Tá sé tar éis a fháil amach go mbeidh sé ag fáil €19.10 in aghaidh na seachtaine agus nach bhfuil cead aige dul ag obair le linn dó a bheith ina chónaí i Soláthar Díreach. San Afganastáin, bhí sé díreach críochnaithe ag staidéar le bheith ina shiúinéir agus bhí súil aige a scileanna a úsáid in Éirinn chun obair a fháil.

2 **Is Saoránach Éireannach í Hani a tháinig go hÉirinn ón tSomáil mar iarrthóir tearmainn 13 bliana ó shin.** Bronnadh stádas dídeanaí ar Hani agus bhog sí amach as an Soláthar Díreach 7 mbliana ó shin agus fuair sí a saoránacht Éireannach 18 mí ó shin. Tá Hani pósta ar fhear darb ainm Raheem a tháinig go hÉirinn mar iarrthóir tearmainn ón Iaráic 15 bliana ó shin. Tá saoránacht Éireannach ag Raheem le trí bliana anuas. Ní raibh Hani in ann taisteal go dtí an tSomáil ar feadh na 6 bliana a chaith sí i Soláthar Díreach, agus nuair a bronnadh stádas dídeanaí uirthi agus nuair a thaistil sí abhaile chun a teaghlach a fheiceáil, fuair sí amach go raibh a máthair scothaosta tar éis bás a fháil. Tá súil ag Hani agus Raheem go mbeidh a gcuid deartháireacha, deirfiúracha agus neachtanna agus nianna ón tSomáil agus ón Iaráic in ann cuairt a thabhairt orthu go luath agus go mb'fhéidir go dtiocfadh siad anseo chun cónaí leo fiú, áit a bhfuil sé i bhfad níos sábháilte.

3 **Is bean Éireannach í Sarah ag a bhfuil ceathrar páistí atá ar an mbunscoil agus ar an meánscoil.** Tá Sarah dífhostaithe; bhíodh sí ag obair i monarcha ach chaill sí a post nuair a tharla an cúlú geilleagrach in Éirinn. Tá sé an-deacair di post a fháil toisc go bhfuil sí in iomaíocht anois le daoine a tháinig go hÉirinn ó gach cearn den domhan, daoine a bhfuil go leor scileanna difriúla acu agus atá in ann uaireanta oibre níos faide a oibriú ná mar atá Sarah, mar gur gá di a bheith in ann a páistí a bhailiú ón scoil. Tá páistí Sarah ag freastal ar scoileanna ilchultúrtha agus tá cairde acu ó go leor tíortha éagsúla.

4 **Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann atá freagrach as Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) na hÉireann.** Tá RIA freagrach as a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais lucht iarrtha tearmainn in Éirinn agus mar sin déanann siad scrúduithe ar Ionaid Soláthair Dhírigh dhá uair sa bhliain agus cuireann siad tuarascálacha poiblí ar fáil faoi stádas na n-ionad. Is cuid de phost an Aire é beartas nua maidir le hinimirce agus tearmann a mholadh agus a chur i bhfeidhm in Éirinn.

5 **Tom, athair Éireannach beirte.** Tá beirt pháistí Tom sna fichidí agus tá siad tar éis dul ar imirce go Ceanada toisc nach raibh siad in ann obair a aimsiú in Éirinn. D'fhreastail an bheirt acu ar an gcoláiste in Éirinn agus bhain siad céimeanna amach ach nuair a cháiligh siad bhí sé an-deacair poist a fháil toisc go raibh orthu dul in iomaíocht le daoine a raibh níos mó taithí oibre acu. Tá beirt deirfiúracha níos sine ag Tom freisin a chuaigh ar imirce go Sasana nuair a bhí Tom 15 agus tá cónaí orthu ann ó shin. Chuaigh deirfiúracha Tom ar imirce ag am nuair a bhí go leor daoine den ghlúin sin ag fágáil Éirinn mar nach raibh go leor post anseo. Ba é Tom an duine is óige ina theaghlach agus mar sin d'fhan sé chun aire a thabhairt dá thuismitheoirí.

6 **Maeve, oibrí tacaíochta do Dhoras Luimní.** Oibríonn Doras Luimní le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe atá ina gcónaí i Luimneach agus tá sé faoi chúram Maeve cabhrú le daoine tithe agus poist a aimsiú nuair a bhogann siad amach as Soláthar Díreach. Thug Maeve cuairt ar go leor de na hionaid Soláthair Dhírigh agus tá a lán de na hiarrthóirí tearmainn i Luimneach ar eolas aici. Tá a post an-dian mar nach féidir le daoine a bheith ag obair le linn dóibh a bheith sa chóras Soláthair Dhírigh agus is féidir leis a bheith an-deacair do dhaoine post a fháil nuair nach raibh siad ag obair le 6 nó 7 de bhlianta. Ceapann Maeve nach bhfuil muinín ag roinnt tiarnaí talún as dídeanaithe mar gur deacair do dhaoine tithe nua a aimsiú nuair a fhágann siad Soláthar Díreach.

Conairí

## AN TRÍÚ TÉAMA

# Steiréitíopaí

**Is éard is steiréitíopa ann ginearálú róshimplithe ar ghrúpa daoine gan aird a thabhairt ar dhifríochtaí aonair. Sa téama seo spreagtar plé ar steiréitíopaí agus ráflaí, go háirithe iad siúd a bhaineann le himircigh. Iarrtar ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an áit as a dtagann steiréitíopaí agus ar an gcaoi ar féidir leo dul i bhfeidhm ar dhaoine.**

# Steiréitíopaí

**Díríonn an téama seo ar eolas. Tá na gníomhaíochtaí atá liostaithe thíos ceaptha chun cur le tuiscint na bpáistí ar na téarmaí ‘dídeanaí’, ‘iarrthóir tearmainn’ agus ‘imirceach’.**

**Tabhair faoi deara: Agus téama na steiréitíopaí á scrúdú, déan deimhin de go mbreathnóidh tú ar na sain-mhínithe ar leathanach ii.**

1. **Cén áit lena mbaineann sé seo?**
2. **Daoine cáiliúla**
3. **Cluiche traenach**
4. **Gníomhaíocht frith-ráflaí**
5. **Naoi bhforas comhionannais**

**HGNÍOMHAÍOCHT NAISC BAILE-SCOILE:**

Féadfaidh na páistí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt mar obair bhaile lena dtuismitheoir/caomhnóir:

Cuir i gcás gur bhog duine éigin go hÉirinn nach raibh anseo riamh roimhe. Cad iad na cineálacha rudaí a bheadh ar eolas acu faoi Éirinn cheana féin, nó cad iad na cineálacha steiréitíopaí a d’fhéadfadh a ina n-intinn faoi mhuintir na hÉireann agus faoi chultúr na hÉireann?

Tar éis dóibh coicís a chaitheamh ina gcónaí i do cheantar áitiúil, cad a cheapfadh an duine sin nó a bheadh ar an eolas acu faoi Éirinn ansin?

## GNÍOMHAÍOCHT 1 – Cén áit lena mbaineann sé seo?

Ábhair: Bileoga páipéir le léaráid Venn tarraingthe orthu, air a bhfuil líon na gciorcal sa léaráid ag teacht le líon na dtíortha atá á bhfiosrú; grianghraif ó roinnt tíortha éagsúla, Éire agus ar a laghad tír amháin atá éagsúil le hÉirinn ó thaobh cultúir de (d'fhéadfá tíortha a roghnú as a dtáinig cuid mhór de na hinimircigh atá in Éirinn, mar shampla: an Afganastáin, an tSomáil, an Pholainn, an tSiria).

Tabhair faoi deara: Más féidir, níor cheart go mbeadh sé soiléir láithreach cén áit lena mbaineann na grianghraif. Ba cheart go gceisteodh an cleachtadh seo an méid atá ar eolas ag na páistí faoi na tíortha éagsúla nó a dtuairimí fúthu. Is féidir grianghraif a fháil ó irisí, ó chuardaigh ar líne, ó eagraíochtaí ar nós Trócaire nó d'fhéadfaí grianghraif phearsanta a úsáid. D'fhéadfadh pictiúir de bhréagáin páistí ó thír ar bith a bheith i measc na ngrianghraf, cuir i gcás, nó cineálacha éagsúla tithe, grianghraif ina dtaispeántar samplaí den bhochtaineacht agus den saibhreas i dtíortha éagsúla (e.g. carr dóite in Éirinn agus ionad siopadóireachta sómhar sa tSomáil). Tá tuilleadh samplaí ar fáil ar an leathanach gréasáin a ghabhann leis seo http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html.

1 Tabhair na bileoga páipéir leis an léaráid Venn orthu do na páistí, agus cinntigh go bhfuil lipéad ar gach ciorcal sa léaráid Venn le hainm na dtíortha a roghnaigh tú a fhiosrú mar chuid den ghníomhaíocht seo.

2 Agus grianghraif á n-úsáid acu ó roinnt tíortha éagsúla, iarr ar na páistí na grianghraif a chur sna ciorcail lena mbaineann siad, dar leo.

**Treoircheisteanna:**

- Cén fáth a gceapann tú go mbaineann grianghraf ar leith leis an gciorcal seo?
- An bhfuil rud ar bith sa ghrianghraf a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ciorcal tíre eile?
- An bhféadfadh baint a bheith ag aon cheann de na grianghraif le níos mó ná ciorcal amháin? (Béim á leagan ar an rannóg ina dtrasnaíonn na ciorcail a chéile)
- An aithníonn tú aon rud sa grianghraf ó do shaol féin?
- An bhfuil aon rud sa grianghraf atá difriúil ó do shaolsa?
- Cén ceist a chuirfeá ar an duine sa ghrianghraf?

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 1 – Rang 2**

***Ábhar:*** *Béarla*
***Snáithe:*** *Teanga a úsáid chun cumas cognaíoch a chothú*
***Snáithaonad:*** *Teanga ó bhéal*

***Snáithe:*** *Teanga ó bhéal, Gné: Teanga a fhiosrú agus a úsáid, Torthaí Foghlama: Catagóiriú; Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach (gné aeistéitiúil teanga); Eolas, míniú agus údar a thabhairt (téacs léiritheach); Cur síos, tuar agus machnamh*

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus an domhan mór*
***Snáithaonad:*** *Oideachas na Meán Cumarsáide*







## GNÍOMHAÍOCHT 2 – Daoine cáiliúla

Ábhair: Bileog oibre ón leathanach gréasáin:
http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html

> Tabhair faoi deara: d'fhéadfaí samplaí breise de dhídeanaithe cáiliúla a úsáid chun an ghníomhaíocht a dhéanamh níos oiriúnaí do spéis an ghrúpa ranga.

1 Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag féachaint ar roinnt daoine cáiliúla agus nach mór dóibh a oibriú amach cad atá i gcoiteann acu go léir trína ngrianghraf a mheaitseáil le cur síos orthu.

2 Iarr ar na páistí roinnt taighde a dhéanamh i ngrúpaí, agus úsáid á baint as na naisc atá ar an leathanach gréasáin chun a ngníomhaíocht mheaitseála féin a chruthú dá gcomhdhaltaí.

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 1 agus Rang 2**

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus an domhan mór*
***Snáithaonad:*** *Ag forbairt saoránachta*

## GNÍOMHAÍOCHT 3 – Cluiche traenach

Ábhair: Leathanaigh ar a bhfuil na lipéid atá leagtha amach i dTábla 1 ar thaobh amháin agus pictiúr/cur síos a ghabhann leo ar an gcúl. (Tá sampla den ghníomhaíocht seo ar an leathanach gréasáin agus is féidir é a phriontáil, ach is féidir pearsana breise a chur isteach freisin)

**Tábla 1: Lipéid agus pearsana an Chluiche Traenach**

| Lipéad | Pearsa |
|---|---|
| Triúr 'iar-phríosúnach' | Triúr ban rialta a cuireadh sa phríosún i ngeall ar a gcuid oibre maidir le cearta daonna |
| Foireann cispheile | Foireann a úsáideann cathaoireacha rothaí |
| Ionadaí de chuid na Náisiún Aontaithe | Páiste atá ina ionadaí do chearta an linbh |
| Seanmháthair | Tina Turner |
| Saighdiúir | Páiste atá ina shaighdiúir |
| Beirt iománaithe | Beirt dhaoine d'eitneachas neamh-gheal |
| Teaghlach Éireannach | Lánúin chomhghnéis lena bpáistí |
| Sainchomhairleoir airgeadais | Bean ghorm |
| Seomra ranga Éireannach | Grúpa cailíní i Mosc i mBaile Átha Cliath |

**Treoracha:**

1 Cuir na cártaí lipéid timpeall an tseomra, agus cinntigh go bhfuil an lipéad le feiceáil ag na páistí.

2 Iarr ar an ngrúpa a shamhlú go bhfuil siad ag dul ar thuras fada traenach ó Éirinn go dtí an Rúis.

3 Abair leo go gcaithfidh gach duine taistealaí eile a roghnú ó na lipéid timpeall an tseomra chun suí in aice leo ar feadh an turais ar fad.

4 Tar éis dóibh a gcomhphaisinéirí a roghnú, iarr ar na páistí seasamh faoin lipéad sin.

5 Iarr ar na páistí a rogha a mhíniú. Labhair faoi na réamhthuairimí a d'fhéadfadh a bheith againn go léir nuair a bhreathnaímid ar an lipéad ar dtús.

**Treoircheisteanna:**

- Cén chuma a bheidh orthu, dar leat, (fear/bean; óg/sean; cárbh as dóibh etc.)?
- Cad faoi a labhróidh tú leo?
- An bhfuil tú ag smaoineamh ar dhuine a bhfuil aithne agat orthu nuair a shamhlaíonn tú an duine seo?
- Cén fáth ar roghnaigh tú an duine áirithe sin thar na roghanna eile?

6 Duine ar dhuine, iarr ar na páistí a gcártaí a chasadh timpeall agus an grianghraf ar an gcúl a thaispeáint don rang.

7 Iarr ar na páistí a dtuairimí a thabhairt faoi na grianghraif. Lig dóibh a gcinntí a athrú agus tabhair deis dóibh siúd a roghnaigh comhpháirtithe taistil nua an fáth leis sin a mhíniú.

**Guiding questions:**

- Cén chaoi a bhfuil an duine sa phictiúr éagsúil ón duine a shamhlaigh tú?
- Cad a thug ort a cheapadh go mbeadh an duine díreach mar a shamhlaigh tú?
- Conas a d'fhéadfadh duine éigin cur síos a dhéanamh ortsa le focal amháin nó frása amháin?
- An mbeadh sé sin ina léiriú maith ort?
- An mbeadh aon rud ar iarraidh ón gcur síos sin?
- An gceapann tú go dtugann lipéid go leor eolais dúinn chun cabhrú linn breithiúnas a thabhairt ar dhuine?
- Conas a cheapann tú go dtéann steiréitíopáil nó lipéid i bhfeidhm ar dhaoine (go háirithe grúpaí mionlaigh amhail daoine faoi mhíchumas, imircigh, dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, daoine de reiligiúin nó cultúir éagsúla nó d'eitneacht éagsúil, daoine aeracha nó daoine leispiacha nó daoine déghnéasacha)?

Note: Make it clear that we all use labels and that we all engage in stereotyping and that this exercise was to explore how easy it is to do this.

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 3 agus Rang 4**

**Ábhar:** *OSPS*
**Snáithe**: *Mise agus daoine eile*
**Snáithaonad:** *Mo chairde agus daoine eile*



**GNÍOMHAÍOCHT 4 – Gníomhaíocht fhrith-ráflaí:**

1 Agus na sainmhínithe a thugtar ag tús an leabhair á n-úsáid, mínigh na téarmaí steiréitíopaí, ráflaí, idirdhealú agus réamhchlaonadh don rang.

2 Iarr ar na páistí ina ngrúpaí aon mhiotas/ráflaí atá cloiste acu faoina mbaile/cathair/ceantar nó miotais agus ráflaí atá cloiste acu faoi Éirinn a scríobh síos. Cabhróidh sé sin leis na páistí tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist againn le ráflaí agus steiréitíopaí agus conas is féidir leo a bheith ina gcúis go minic le réamhthuairimí bréagacha.

3 Ansin, iarr ar na grúpaí roinnt miotais nó ráflaí atá cloiste acu faoi imircigh nó faoi dhídeanaithe a liostú. B'fhéidir go mbeidh ort roinnt samplaí a thabhairt do na páistí chun tús a chur leis – "Is sceimhlitheoirí iad dídeanaithe", "Tá dídeanaithe ag goid ár bpoist". Triail liosta de 5 go 10 a chur le chéile (ná caith ach cúpla nóiméad air chun nach mbeidh na páistí gafa le smaointe diúltacha). Iarr ar gach grúpa a liosta a léamh.

> Tabhair faoi deara: Tá sé tábhachtach ag an bpointe seo a chur i bhfios go láidir go mbíonn go leor ráflaí bréagach agus gurb é an fáth a bhfuil an rang ag déanamh an liosta seo ná scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ina smaoiníonn daoine ar imircigh agus ar dhídeanaithe agus a labhraíonn siad fúthu.

4 Le linn na gníomhaíochta agus nuair a bheidh a liostaí curtha i gcrích ag na grúpaí, bain úsáid as na ceisteanna treoracha thíos leis na páistí a spreagadh chun smaoineamh go criticiúil faoi mhiotais agus ráflaí.

5 Spreag na páistí chun dhá chatagóir a dhéanamh de na ráitis ina gcuid liostaí: Fíricí agus Ráflaí.

**Treoircheisteanna:**

- Conas a bhraithfeá dá ndéarfaí roinnt de na rudaí ar do liosta fútsa?
- Conas a cheapann tú a théann an cineál ráiteas atá ar do liosta i bhfeidhm ar na daoine a bhfuil cur síos á dhéanamh orthu?
- Cén tionchar atá ag na ráitis sin ar an tslí a smaoiníonn daoine ar a chéile agus a chaitheann siad lena chéile?
- Conas a fhreagraíonn tú nuair a chloiseann tú rudaí atá goilliúnach agus bréagach? (Cén chaoi a mbraitheann tú? Cad a deir tú nó a dhéanann tú?)
- Cá bhfuil an fhianaise do na ráflaí atá liostaithe agat? An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach ráflaí a ghortaíonn daoine eile a cheistiú?
- Conas a d'fhéadfá cur i gcoinne ráitis bhréagacha dá gcloisfeá iad?
- Cén t-eolas a bheadh uait chun cabhrú leat cur i gcoinne ráflaí?
- Cén fáth, dar leat, ar iarr mé ort an cleachtadh seo a dhéanamh?
- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh eolas agat faoi steiréitíopaí?

Tabhair faoi deara: Chun an ghníomhaíocht seo a chur in oiriúint do ranganna níos óige d'fhéadfadh an múinteoir liosta steiréitíopaí a chur ar fáil agus iarraidh ar na páistí iad a rangú ina bhfíricí agus ina ráflaí nó úsáid a bhaint as na treoircheisteanna chun iad a phlé.

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang 6**

***Ábhar:*** *Béarla*
***Snáithe:*** *Teanga a úsáid chun cumas cognaíoch a chothú*
***Snáithaonad:*** *Teanga ó bhéal, Scríbhneoireacht*

## GNÍOMHAÍOCHT 5 – Naoi bhforas comhionannais

1 Mínigh do na páistí go bhfuil reachtaíocht in aghaidh an idirdhealaithe in Éirinn chun daoine a chosaint ar idirdhealú nó ar chiapadh agus chun comhionannas a chur chun cinn sa tsochaí.

(Clúdaítear sa reachtaíocht idirdhealú ar na forais go mbaineann duine le grúpa ar leith sa tsochaí. Tugann na forais cosaint i gcúinsí ar leith, ach ní chlúdaíonn siad gach rud. Is iad seo a leanas na 9 bhforas: inscne, aois, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, reiligiún, gnéaschlaonadh, cine, náisiúntacht, dath craicinn, eitneachas, míchumas, agus ballraíocht de phobal na dTaistealaithe.)

2 Iarr ar na páistí na grúpaí nó na daoine seo a leanas a chatagóiriú de réir na bhforas atá ann lena gcosaint (leid – ní bheidh baint ag roinnt daoine le haon fhoras agus d'fhéadfadh baint a bheith ag roinnt daoine le níos mó ná foras amháin).

Grúpaí/daoine: bean, páiste, úsáideoir cathaoireach rothaí, duine de Thaistealaithe na hÉireann, iarrthóir tearmainn, Moslamach, máthair shingil, duine gan dídean, duine ar a bhfuil dúlagar, dídeanaí, iarrthóir tearmainn 16 bliana d'aois atá in Éirinn gan a thuismitheoirí....etc. (ná déan dearmad do ghrúpaí nó do dhaoine aonair féin a chur leis an liosta seo, nó iarr ar na páistí cur leis an liosta).

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 5 agus Rang 6**

***Ábhar:*** *Béarla*
***Snáithe:*** *Teanga a Úsáid chun Cumas Cognaíoch a Chothú*
***Snáithaonad:*** *Teanga ó bhéal*

Conairí

## AN CEATHRÚ TÉAMA

# Cosaint

Tá gach duine i ngach tír i dteideal chearta bunúsacha an duine agus tá sé d'oibleagáid ar thíortha cosaint a chur ar fáil do dhídeanaithe faoin dlí idirnáisiúnta. Mar sin féin, ní dhéanann gach tír cearta daonna a saoránach uile a urramú ná a chosaint, go háirithe le linn tréimhsí cogaidh agus coimhlinte. Tá cosaint ó thíortha eile, amhail Éire, de dhíth ar dhídeanaithe atá ag teitheadh ó chogadh nó atá i mbaol ina dtír dhúchais

Mar chuid de chosaint a thabhairt do dhídeanaí déantar tacaíocht agus cabhair a thairiscintionas gur féidir leis an duine tús a chur le saol gan faitíos i dtír óstach. Is ceart go mbeadh foscadh, bia agus cúram sláinte bunúsach Mar chuid den chosaint fad is atá an duine ag déanamh iarratais ar stádas dídeanaí.

# Cosaint

**Tá na ceithre ghníomhaíocht atá liostaithe thíos ceaptha (a) roinnt gníomhartha a mholadh a d'fhéadfadh scoileanna a dhéanamh chun tacú le himircigh agus le hiarrthóirí tearmainn agus (b) cabhrú le páistí tuiscint a fháil ar an bhfreagracht atá ar rialtas na hÉireann cosaint a chur ar fáil do dhídeanaithe. Tá sé tábhachtach taithí a thabhairt do pháistí a dtuairimí agus a luachanna a chur in iúl ar bhealach fóinteach trí ghníomhaíocht shóisialta.**

1. **Bád Chearta an Duine**
2. **Ealaín fáilte**
3. **Cás-staidéir**
4. **An chéad chéim eile? Gníomhaíocht shóisialta**

**GNÍOMHAÍOCHT NAISC BAILE-SCOILE:**

Le haghaidh obair bhaile, iarr ar na páistí féachaint ar an nuacht nó breathnú ar nuachtáin nó irisí lena dtuismitheoirí /caomhnóir. Abair leo scéalta nó grianghraif nó ceannlínte faoi imircigh a chuardach iontu. Iarr orthu ábhar a d'aimsigh siad i nuachtáin nó in irisí a thabhairt chun na scoile nó cuntas gearr a scríobh ar mhír nuachta ar an teilifís. Tabhair cúpla lá dóibh chun earraí a bhailiú agus úsáid iad le linn *Am Ciorcail* chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear imircigh sna meáin.

**Treoircheisteanna:**

- Conas a labhraíodh faoi imircigh? (Dearfach nó diúltach, maith nó olc)
- An raibh cuid mhór eolais faoi imircigh ag an duine a bhí ag caint nó ag insint an scéil? (Cá raibh an fhianaise?)
- An raibh deis ag aon imircigh a scéalta féin a insint?
- An gceapann tú gur léiriú chóir ar imircigh a bhí sa scéal a fuair tú sna meáin?

## GNÍOMHAÍOCHT 1 – Bád Chearta an Duine

I ngrúpaí de thriúr, tugtar ceann de na próifílí ó lch. 16 do na páistí agus leagan atá oiriúnach do pháistí de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (UDHR) atá le fáil ar shuíomh gréasáin an CDU: (http://www.curriculumdevelopmentunit.com/journeys.html).

1 Iarr ar na páistí a shamhlú go bhfuil siad i mbád leis na hairteagail go léir atá sa UDHR agus mínigh dóibh go bhfuil an bád ag éirí róthrom, ní mór dóibh cuid de na hairteagail a chaitheamh amach chun é a dhéanamh níos éadroime agus ní féidir leo ach 5 airteagal a choinneáil chun cabhrú leis an mbád fanacht ar snámh.

2 Inis dóibh nach mór dóibh a gcinntí a dhéanamh bunaithe ar na róil a sannadh dóibh.

3 Ag deireadh na gníomhaíochta, iarr ar gach grúpa míniú a thabhairt ar na fáthanna a roghnaigh siad na 5 airteagal atá coinnithe acu. (Ag an gcéim seo, is féidir leat aird a tharraingt ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí sna roghanna a dhéanann gach grúpa).

**Treoircheisteanna:**

- Ón 5 airteagal a bheartaigh tú a choinneáil, roghnaigh ceann amháin. An féidir leat cúis a thabhairt le do rogha?
- Roghnaigh ceann de na hairteagail a chaith tú amach. An féidir leat a mhíniú cén fáth a ndearna tú an cinneadh sin?
- Cad iad na fachtóirí a raibh tionchar acu ar na cinntí a rinne daoine sa seomra seo? (mar shampla staid oibre, teaghlaigh, airgead etc.)
- An raibh aon airteagail ann a bhí tú go mór ag iarraidh a choinneáil ach nach raibh spás ann dóibh?
- Dá bhféadfá 10 airteagal a choinneáil, cé na cinn a choinneofá?
- Dá n-athrófaí rud éigin i saol na ndaoine i do phróifílí, an gceapann tú go mbeadh airteagail éagsúla roghnaithe acu lena gcoinneáil? (Spreag na páistí chun smaoineamh ar chásanna éagsúla, mar shampla: Dá mbeadh post lánaimseartha agus íoctha go maith ag Sarah, cad iad na cearta daonna a chuirfeadh sí i dtosaíocht?)
- An gceapann tú gur leor cúig airteagal chun aire a thabhairt do chearta gach duine ar domhan?

Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh roinnt páistí diúltú airteagail a chaitheamh amach nó a líon a laghdú go cúig; tá sé sin inghlactha mar go léiríonn sé fianaise ar an tuiscint atá acu ar chearta daonna chomh maith le tuiscint go bhfuil cearta uile an duine tábhachtach agus comhionann. Is é is cuspóir don ghníomhaíocht seo plé a dhéanamh agus tuiscint a fhorbairt ar chearta an duine gan ordlathas ceart a chruthú.

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 1 – Rang 4**

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus an domhan mór*
***Snáithaonad:*** *Ag forbairt saoránachta*

*Curtha in oiriúint le cead ó fhoinse Amnesty International: Voice Our Concern*

## GNÍOMHAÍOCHT 2 – Ealaín fáilte

Féadfaidh taispeántais phoiblí tionchar mór a imirt ar an fháilte a mhothaíonn dhaoine nuair a bhogann siad go tír nua, nó nuair a théann siad isteach i bpobal nua nó i scoil nua. Dá mba mhian leat a chinntiú go bhfuil atmaisféar fáilteach i do scoil do dhaoine atá tagtha as an nua isteach sa scoil, sa phobal nó sa tír, an smaoineofá ar do chuid scileanna ealaíne a úsáid chun póstaeir fáilte a chruthú chun do dhlúthpháirtíocht le daoine nua a léiriú?

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Naíonáin Shóisearacha – Rang 2**

***Ábhar:*** *Na hAmharcealaíona*
***Snáithí:*** *Líníocht; Péint agus dath*
***Snáithaonaid:*** *Líníochtaí a dhéanamh; Péinteáil*

## GNÍOMHAÍOCHT 3 – Cás-staidéir

1 Mínigh do na páistí go bhfuil na dlíthe náisiúnta ar fad a bhaineann le cosaint dídeanaithe bunaithe ar Choinbhinsiún na Ginéive agus go n-úsáideann Oifigigh Cosanta Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe i dtíortha mar an tSomáil, an tSiria, an Fhrainc agus Éire na critéir chéanna, a bheag nó a mhór, chun cinntí a dhéanamh faoi stádas dídeanaí. In Éirinn, déanann oifigigh cinntí atá bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann (Acht na nDídeanaithe agus an tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta).

2 inn na páistí ina ngrúpaí agus tabhair ceann de na cás-staidéir thíos do gach grúpa.

3 Iarr ar na páistí a shamhlú gur Oifigigh Cosanta Dídeanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe iad i dtír ficseanúil ar a dtugtar an Rúratáin. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad cinneadh a dhéanamh an dídeanaí é an duine ina gcás-staidéar, agus cuir ina luí orthu go ndéanfar cinneadh faoi thearmann a thabhairt nó gan í a thabhairt bunaithe ar a gcinneadh.

4 Nuair a bhíonn cinneadh déanta ag na páistí maidir le gach cás, roinn na freagraí a thugtar thíos maidir le gach cás-staidéar.

**CURACLAM** **Leibhéal Ranga: Rang 3 – Rang 6**

***Ábhar:*** *OSPS*
***Snáithe:*** *Mise agus daoine eile; Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile*

# CÁS-STAIDÉIR

## CÁS 1: CAL

Baineann Cal, feirmeoir gan aon tuairimí polaitiúla, le grúpa mionlaigh eitnigh in Magnolia. Bhí go leor ball den ghrúpa eitneach sin ag iarraidh a stát neamhspleách féin. Chun tacú lena smaointe, chuaigh baill áirithe den mhionlach i mbun gníomhaíochtaí treallchogaíocha. Bhí Cal faoi bhagairt ag cuid dá chomharsana a bhfuil baint acu leis an tromlach eitneach. Níor thug na póilíní áitiúla aon aird ar na heachtraí sin. Ina theannta sin, fuair Cal bagairtí ó bhaill antoisceacha dá ghrúpa eitneach féin a dúirt nár thacaigh sé leo. I ndeireadh na dála, fuair Cal pas agus d'fhág sé a thír thionscnaimh. Tá sé anois ag iarraidh tearmann sa Rúratáin.

## CÁS 2: VERONICA

Le dhá bhliain anuas, tá an Zania á rialú ag réimeas míleata. Cuireadh deireadh le parlaimint na tíre agus déantar gach dlí ar ordú. Mar chuid de phlean uaillmhianach chun gach fear a fhostú ar féidir leis obair a dhéanamh, ordaíonn an rialtas do mhná a bpoist a fhágáil agus fanacht sa bhaile. Aon bhean nach gcloíonn leis an ordú sin, gearrtar pionós dian uirthi. Bhí ar Veronica, a bhí ina dochtúir, a gairm a fhágáil. A bhuí le misinéir, fuair Veronica pas bréagach agus d'éalaigh sé ón tír. Tá tearmann á iarraidh aici sa Rúratáin anois.

## CÁS 3: BILAL

Rinne Bilal, saighdiúir i Magnolia, fiche príosúnach cogaidh a chur chun báis. Tá sé ag maíomh go raibh sé ag leanúint orduithe óna oifigeach uachtarach. Rinne sé é agus eagla air go ngearrfaí pionós air dá mba rud é nár chloígh sé leis an ordú. Is pionós coitianta é ísliú céime nó fiú coinneáil i gcásanna cosúil leis an gceann seo. Tá sé cráite anois le haithreachas. Tá Bilal ag glacadh leis go bhfaighidh sé téarma príosúnachta an-fhada má fhilleann sí ar Magnolia. D'fhág sé Magnolia gan chead agus tá sé ag lorg tearmainn sa Rúratáin anois.

## CASE 4: AHMED

Mar bhall de ghrúpa atá i gcoinne réimeas rialaithe a thíre, scaip Ahmed bileoga go rúnda sa mhonarcha ina raibh sé ag obair. Sna bileoga bhíothas ag impigh ar dhaoine éirí amach i gcoinne an réimis. Thángthas air, gabhadh é agus cuireadh pianbhreith cúig bliana príosúnachta air. Sa phríosún, rinne gníomhairí de chuid an rialtais céastóireacht air arís agus arís eile. Tar éis dhá bhliain d'éirigh leis éalú. Le linn dó a bheith ag éalú, áfach, ghortaigh sé duine de ghardaí an phríosúin. Mar thoradh air sin, fágadh an garda príosúin gan lúth na ngéag, go buan. Tar éis turas fada casta, d'éirigh le Ahmed a thír a fhágáil agus tearmann a iarraidh sa Rúratáin.

## CÁS 5: DIANE

Is saoránach de chuid Magnolia í Diane. Tá galar tromchúiseach uirthi le trí mhí anuas. Creideann a dochtúir nach bhfuil ach cúpla mí fágtha aici ar an saol. Is é an t-aon údar dóchais atá aici ná cóireáil leighis nua atá an-daor. Ar an drochuair, tá Diane an-bhocht. Ina theannta sin, tá rialtas Magnolia tar éis gach seirbhís cúraim sláinte saor in aisce a chur ar fionraí. Ní mór do gach saoránach praghas iomlán a gcúram leighis a íoc anois. Ní bheidh Diane choíche in ann íoc as an gcóireáil a theastaíonn uaithi. Sa Rúratáin, áfach, tá cúram sláinte fós á fhóirdheonú ag an rialtas. Má thugtar cead do Diane dul isteach sa Rúratáin, beidh cúram sláinte saor in aisce aici. Le cabhair ó chara, thaistil Diane go dtí teorainn na Rúratáine agus chuir sí isteach ar stádas dídeanaí. Maíonn sí nach mairfidh sí má fhanann sí i Magnolia.

# FREAGRAÍ AR NA CÁS-STAIDÉIR

## FREAGRA: CÁS 1, CAL

Cé nach raibh Cal páirteach sna gníomhaíochtaí treallchogaíocha, bhí a chomharsana fós ag bagairt air toisc go mbaineann sé le grúpa eitneach mionlaigh. Sa chás seo, tá bunús maith leis an eagla atá air go ndéanfaí ghéarleanúint air. Chomh maith leis sin, tá sé sa chás neamhghnách go ndéanann baill áirithe dá ghrúpa eitneach féin géarleanúint air toisc nach dtacaíonn sé le gluaiseacht an neamh-spleáchais. I bhfocail eile, níl a thuairim pholaitiúil (is é sin, gan a bheith páirteach ar chor ar bith) ag teacht le tuairimí daoine eile ina phobal eitneach. Arís eile, tá bunús maith leis an eagla atá air roimh ghéarleanúint ar fhorais pholaitiúla. Ba cheart é a aithint mar dhídeanaí.

## FREAGRA: CÁS 2, VERONICA

Cé nach n-áirítear go sonrach i gcoinbhinsiún 1951 idirdhealú inscne mar fhorais do stádas dídeanaí, ba cheart fós tearmann a bhronnadh ar Veronica. Measann UNHCR go bhfuil duine atá ag teitheadh ó idirdhealú tromchúiseach nó ó chóireáil mhídhaonna eile – arb ionann é agus géarleanúint – i dteideal stádas dídeanaí a fháil. Tá géarleanúint á déanamh ar Veronica toisc nach gcomhlíonann sí dianchóid shóisialta. Ós rud é gurb é an rialtas foinse an idirdhealaithe sin, ní féidir le Veronica cosaint a iarraidh ó aon údarás níos airde. De réir mheon choinbhinsiún 1951, is dídeanaí í Veronica.

## FREAGRA: CÁS 3, BILAL

Níor cheart tearmann a dheonú do Bilal. Trí phríosúnaigh chogaidh a mharú, tá coir chogaidh déanta ag Bilal (de réir Choinbhinsiún na Ginéive 1949). Trí choir chogaidh a dhéanamh, baineann an clásal eisiaimh lena chás; faoi Airteagal F (a) de Choinbhinsiún 1951 maidir le stádas Dídeanaithe, níl sé incháilithe le haghaidh stádas dídeanaí. Le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, chuirfí cosaint as an áireamh freisin toisc go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí bunoscionn le 'cuspóir agus prionsabail na Náisiún Aontaithe' (Airteagal 14(2) den Dearbhú).

## FREAGRA: CÁS 4, AHMED

Ba cheart Ahmed a aithint mar dhídeanaí. Ba ghníomhartha polaitiúla a rinne sé. Mar sin féin, ní mór scrúdú a dhéanamh freisin ar an gcoir a rinne sé agus é ag éalú ón bpríosún. Is léir gur choir throm-chúiseach a bhí ann. Ba cheart gurb é an chéad chéim eile cothromaíocht a bhaint amach idir cineál an chiona agus leibhéal na géarleanúna. Le go measfaí gur dídeanaí fós é, ní mór gur mhó an ghéarleanúint a raibh eagla air roimhe ná tromchúis an chiona. Dealraíonn sé go ndearna Ahmed a choir d'fhonn éalú ó ghéarleanúint. Sa chomhthéacs sin, agus an cion á cur i gcomparáid leis an ngéarleanúint, níor cheart go mbeadh feidhm ag an gclásal eisiaimh (Airteagal F den Choinbhinsiún). Ba cheart é a aithint mar dhídeanaí.

## FREAGRA: CÁS 5, DIANE

Níor cheart Diane a aithint mar dhídeanaí. Ní féidir bochtaineacht agus droch-choinníollacha sóisialta amháin a bheith ina bhforais choíche le tearmann a dheonú. Chun go measfar duine a bheith ina dhídeanaí de réir Choinbhinsiún 1951, ní mór dhá choinníoll a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, ní mór eagla a bhfuil bunús maith leis a bheith ann roimh ghéarleanúint ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht de ghrúpa sóisialta ar leith nó tuairimí polaitiúla. Níl géar-leanúint á déanamh ar Diane ar aon cheann de na cúiseanna sin. Cé go mbaineann Diane leis an aicme níos ísle, ní leor a ballraíocht sa ghrúpa sóisialta sin ann féin le go n-aithneofaí í mar dhídeanaí. Ní mór bagairt shoiléir géarleanúna a bheith ann mar gheall ar a bheith páirteach sa ghrúpa áirithe sin. Ar an dara dul síos, ní mór idirdhealú de chineál éigin a bheith déanta ar an duine atá i gceist. Sa chás seo, baineann beartas cúraim sláinte an rialtais le gach duine. Níl drochíde mhíréireach á tabhairt ar aon duine ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht de ghrúpa sóisialta ar leith nó tuairimí polaitiúla. Dá mba rud é, áfach, gur dhiúltaigh an rialtas cóir leighis a chur ar fáil do Diane mar gheall ar a heitneachas, d'fhéadfadh sé go n-aithneofaí í mar dhídeanaí.

## GNÍOMHAÍOCHT 4: An chéad chéim eile? Gníomhaíocht shóisialta

Más mian leis na páistí i do scoil nó i do rang a dtuairimí a chur in iúl agus páirt a ghlacadh sa chomhrá náisiúnta faoin imirce agus faoin Soláthar Díreach, tá go leor bealaí ar féidir leo páirt a ghlacadh ann.

Má dhéantar eolas agus faisnéis a fhoghlaimítear trí thaighde agus trí rannpháirtíocht leis an acmhainn seo a chomhroinnt, cuideofar chun feasacht agus tuiscint a scaipeadh ar fud na hÉireann. Féadfaidh na páistí a bheith ina gcosantóirí bródúla ar chearta an duine trí pháirt a ghlacadh i gcomhráite faoin imirce agus faoin gcóras Soláthair Dhírigh in Éirinn.

Tá go leor gníomhaíochtaí ealaíne agus drámaíochta molta san acmhainn seo; is gníomh dlúthpháirtíochta é torthaí na ngníomhaíochtaí seo a roinnt i spásanna poiblí ar nós hallaí na scoile nó ar chláir fógraí nó fiú suíomhanna gréasáin nó hallaí nó siopaí áitiúla, gníomh a léiríonn go bhfuil fáilte roimh chách sa scoil agus sa phobal.

Má tá ceist ar bith ag na páistí faoi rud ar bith a d'fhoghlaim siad ón acmhainn seo nó má tá imní orthu faoi rud ar bith, ba mhaith linn iad a spreagadh chun dul i mbun comhrá lena bpolaiteoirí áitiúla agus náisiúnta trí litir a scríobh mar rang, nó trí chuireadh a thabhairt d'ionadaí áitiúil teach chuig an scoil mar chuairteoir chuig an seomra ranga. D'fhéadfadh na páistí ceisteanna agallaimh a ullmhú do sheisiún Ceisteanna agus Freagraí chun tuilleadh a fhoghlaim faoina bhfuil ar siúl in Éirinn agus chun a fháil amach cad is féidir a dhéanamh chun tacú le dídeanaithe agus le hiarrthóirí tearmainn amach anseo. Tá tuairimí an aosa óig ina gcuid thábhachtach den chomhrá faoi chearta imirceacha in Éirinn.

Ina theannta sin, tá feachtais scríofa litreach ar bun le fada ag Amnesty International atá ceaptha dlúthpháirtíocht a léiriú le daoine a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu agus mar mhodh lena mholadh go ndéanfaidh rialtais gníomh. Tá treoir atá curtha amach ag Amnesty UK faoi litreacha a scríobh agus a d'fhéadfadh a bheith úsáideach le fáil ag: https://www.amnesty.org.uk/sites/default/files/writing_letter_guide_0.pdf

- Tá roinnt scoileanna, le cead ó na tuismitheoirí, tar éis páirt a ghlacadh i gcomhráite poiblí ar an ábhar seo roimhe seo.
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoi bhealaí le páirt a ghlacadh i gcomhráite poiblí, féach ar ghrúpaí mar:

  An Fóram Eorpach um an Óige in Imirce; Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI); Doras Luimní.










9 781900 146272

PRICE €10.00